ainm.ie

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil libh as an suirbhé úsáideoirí a fhreagairt. Tháinig go leor moltaí maithe as agus aiseolas fónta. Cé nach féidir linn gach uile mholadh a chur i bhfeidhm, tá sé beartaithe againn aghaidh a thabhairt ar na rudaí seo a leanas de réir a chéile:

- Tuilleadh grianghraf a chur leis na beathaí.
- Logainmneacha a luaitear sna beathaí a chur ar léarscáil de chuid logainm.ie: Cruthaíodh naisc idir logainm.ie agus ainm.ie le déanaí. Nasctar logainmneacha le háiteanna breithe daoine ar ainm.ie. Féach Béal Feirste, mar shampla: http://www.logainm.ie/118005.aspx
- Naisc chuig ainm.ie ar Facebook agus Twitter a dhéanamh níos soiléire ar an suíomh. Tá cuntais Facebook agus Twitter ag Ainm cheana; is féidir iad a fheiceáil ag https://www.facebook.com/beathaisneis.ainm.ie agus https://twitter.com/ainm_ie.